Na Misin

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thuairisc faoi bhean rialta a chaith seal maith dá saol ag obair thar lear. Sula bhféachann tú ar an mír, an féidir leat féin agus an duine in aice leat Gaeilge a chur ar na focail agus na frásaí seo?

- connection, tie
- developing (tíortha, mar shampla)
- Our Lady of Apostles
- Muslin and Christian women
- mutual understanding

Agus, cad faoi na háiteanna seo anois. An bhfuil na leaganacha Gaeilge agat?

- Falcarragh
- Argentina
- Rome
- Nigeria

Féach ar an mír den chéad uair le feiceáil an raibh an ceart agat.

Ceist 2 Féach ar an mír den dara huair. Cén chanúint atá ag an tSiúr Kathleen McGarvey? An féidir leat na leaganacha a d'úsáid sise sa mhír a mheaitseáil leis na leaganacha eile thíos?

Leaganacha Kathleen McGarvey	Leaganacha eile
1. chóir a bheith	a. de bhrí go
2. seo a chuaigh thart	b. faoi, i dtaobh
3. cionn is go	c. nach mór
4. cha dtig	d. le haghaidh, i gcomhair
5. fá choinne	e. seo caite
6. i dtólamh	f. éigin
7. inteacht	g. ní féidir
8. fá dtaobh de	h. i gcónaí

1	2	3	4	5	6	7	8

Cén leagan atá agat féin?

Ceist 3 **A**. Anois, féach ar an tuairisc arís agus freagair na ceisteanna seo:

1. Cé mhéad bliain a mhair An tSiúr Kathleen McGarvey san Airgintín, sa Róimh agus sa Nigéir?

2. Cad a bhí ar bun aici sa Nigéir?

3. Cén fáth a gceapann An tSiúr Kathleen Mc Garvey go bhfuil an oiread fadhbanna idir na Moslamaigh agus na Críostaithe sa Nigéir?

4. Cad a deir sí faoi na Moslamaigh anseo in Éirinn?

5. Cén chomhairle atá aici do dhaoine ar mhaith leo dul ag obair leis na misin?

Ceist 4 '…cuid m**h**ór…'

a. Cén fáth a bhfuil séimhiú ar an bhfocal ***mór***?
b. An bhfuil na focail thíos firinscneach nó baininscneach? Cuir an fhoirm cheart den aidiacht atá idir lúibíní sna bearnaí. Tá an chéad cheann déanta duit.

- fear (deas) *fear deas*
- seomra (mór) _____
- fuinneog (glan) _____
- gluaisteán (dearg) _____
- bean (cliste) _____
- gluaiseacht (tábhachtach) _____
- pictiúr (costasach) _____
- bialann (bán) _____
- seamróg (glas) _____
- teach (beag) _____

Ceist 5 *'…Moslamaigh…'*

Féach ar na reiligiún thíos agus breac síos ainmneacha na ndaoine a gcreideann iontu. Mar shampla:

Ioslám:	Moslamach	Moslamaigh
An Chríostaíocht:	_____	_____
An Giúdachas:	_____	_____
An Búdachas:	_____	_____

Ceist 6 Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat, nó le do ghrúpa.

1. An dóigh leat gur mhaith leat féin a bheith ag obair leis na misin lá éigin? Cén fáth?
2. Cad iad na reiligiúin is mó atá le fáil in Éirinn i láthair na huaire?
3. Cén fáth a mbíonn trioblóid nó míthuiscint idir dhaoine a bhfuil creidimh éagsúla acu, dar leat?

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

- connection, tie – *ceangal*
- developing (tíortha, mar shampla) – *i mbéal forbartha*
- Our Lady of Apostles – *Ord Misinéireachta Mhuire na nAspal*
- Muslim and Christian women – *mná Moslamacha agus Críostaí*
- mutual understanding – *comhthuiscint*

- Falcarragh – *An Fál Carrach*
- Argentina – *An Airgintín*
- Rome – *An Róimh*
- Nigeria – *An Nigéir*

Ceist 2

1	2	3	4	5	6	7	8
c	e	a	g	d	h	f	b

Ceist 3

Féach an script.

Ceist 4

a. Tá an focal *cuid* baininscneach agus dá bhrí sin cuirtear séimhiú ar an aidiacht a leanann é.

b. Tá idir fhocail bhaininscneacha agus fhocail fhirinscneacha sa liosta:

fear (deas) *fear deas (fir)*
seomra mór (fir)
fuinneog ghlan (bn)
gluaisteán dearg (fir)
bean chliste (bn)
gluaiseacht thábhachtach (bn)
pictiúr costasach (fir)
bialann bhán (bn)
seamróg ghlas (bn)
teach beag (fir)

Ceist 5

Ioslám:	Moslamach	Moslamaigh
An Chríostaíocht:	Críostaí	Críostaithe
An Giúdachas:	Giúdach	Giúdaigh
An Búdachas:	Búdaí	Búdaithe

Ceist 6

Is féidir gach beirt a chur ag déanamh an phlé seo agus ansin cuid de na ceisteanna a phlé leis an rang iomlán.

Eimear Ní Chonaola
Tá ceangal le fada idir an tír seo agus tíortha atá i mbéal forbartha, go háirithe tíortha na hAfraice. Deir bean rialta amháin a bhí ag obair leis na misin ar feadh a saoil go bhfuil go leor le foghlaim againne in Éirinn ó na pobail lenár oibrigh sí.

Grett O'Connor
Is as an bhFál Carrach i gCo. Dhún na nGall don tSiúr Kathleen Mc Garvey. Tá cúig bliana is fiche caite aici in Ord Misinéireachta Mhuire na nAspal.

An tSr Kathleen McGarvey
Bhí mé san Airgintín seacht mbliana, sa Róimh chóir a bheith sé bliana, i Nigeria[1] thart fá naoi mbliana, agus anois tá mé anseo sa bhaile ó bhí mí (na) Samhna seo a chuaigh thart ann.

Grett O'Connor
Is ag obair le mná Moslamacha agus Críostaí a bhí sí sa Nigéir, ag iarraidh comhthuiscint a chruthú eatarthu ar mhaithe le síocháin.

An tSr Kathleen McGarvey
Deir na daoine atá i Nigeria, deir siad gur ceann de na fadhbanna is mó inniu ná go bhfuil an oiread trioblóide agus gur furast[2] mar sin (go mbriseann) foréigean amach, idir na Moslamaigh agus Críostaithe. Agus níl mórán measa b'fhéidir ag na daoine ar a chéile[3]. Níl muinín acu ina chéile. Bíonn eagla orthu, cionn is go bhfuil stair mhór fhada[4] de thrioblóid, cosúil le mar a bhí againn féin anseo in Éirinn fosta. *So*, anseo a d'oibrigh muid, ag obair le mná, ceannairí fosta, ag iarraidh cuidiú le daoine a chur thar na claontaí[5] atá acu os coinne a chéile. Agus, mar a dúirt mé anseo in Éirinn, tá Moslamaigh anseo nach raibh riamh ann roimhe agus cha dtig linn fanacht go dtí go mbrisfidh trioblóid amach sula dtosóidh muid ag déanamh caidreamh lena chéile. Thig linn foghlaim óna chéile agus comhoibriú fá choinne tír níos fearr.

Grett O'Connor
Tá comhairle aice d'éinne atá ag smaoineamh ar dhul ag obair leis na misin.

An tSr Kathleen McGarvey
Sílim nach bhfuil sé…nach gcuidíonn sé mórán má théann muid amach i dtólamh, ag smaoineamh go bhfuil muidinne ag dul amach le rud inteacht a thabhairt. Tá muid ag dul anonn fosta le …foghlaimeoidh muid cuid mhór agus gheobhaidh muid cuid mhór ar ais. *The west is best for all the rest.* Sin rud inteacht a gcaithfidh muid dearmad a dhéanamh fá dtaobh de. Tá rud inteacht againn uilig le foghlaim agus tá sé maith má thig linn am a thabhairt dúinn féin leis sin a dhéanamh.

Grett O'Connor, Nuacht TG4, Corcaigh.

[1] *An Nigéir*
[2] *furasta* atá sa Chaighdeán Oifigiúil
[3] *do na chéile* a deirtear
[4] *stair mór fada* a deirtear
[5] *claonta* atá sa Chaighdeán Oifigiúil